# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2022

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Mandairínis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus an scéim marcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim marcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim marcála fhoilsithe chomh maith.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

**LÉAMHTHUISCINT: 55 MARC**

**Freagair Ceist 1 NÓ Ceist 2**

## Ceist 1 - 13 mharc

**(a)** Ainmnigh **trí** ainmhí ar bith a luaitear sa rann do pháistí. (3 x 1 mharc)

madra/cat/capall/éan
(Trí cinn ar bith as na ceithre cinn = 1 mharc an ceann)

**(b)** Ainmnigh an **dá** shéasúr a luaitear sa rann do pháistí. (2 x 1 mharc)

samhradh
geimhreadh

**(c)** Bain úsáid as carachtair sa rann do pháistí chun (**i**) go (**iv**) a fhreagairt i **Mandairínis**. (4 x 1 mharc)

**(i)** 小
**(ii)** 少
**(iii)** 长
**(iv)** 冷

**(d)** Déan liosta de **cheithre** fhocal tomhais ar bith a úsáidtear sa rann. Freagra i **Mandairínis**. (4 x 1 mharc)

个/只/群/条/座
(Ceithre cinn ar bith as an gcúig cinn)

## Ceist 2 - 13 mharc

**(a)** Cad é an seomra is mó san árasán?

An seomra suí (1 mharc)

**(b)** Cé mhéad seomra folctha atá san árasán?

2/dhá cheann (1 mharc)

**(c)** Ainmnigh **trí** ghníomhaíocht ar bith a dhéanann siad sa seomra suí. (3 x 1 mharc)

Trí cinn ar bith díobh seo a leanas:
Sos a ghlacadh/éisteacht le ceoil/léamh/breathnú ar an teilifís

**(d)** Ainmnigh an **dá** shaghas bia a ullmhaíonn siad. (2 x 1 mharc)

Bia Síneach
Bia Éireannach

**(e)** Cad is brí le 餐厅?

Seomra bia (1 mharc)

(Aon nath cainte atá ceart do sheomra bia)

**(f)** Ainmnigh an **dá** rud a dhéanann an teaghlach in 餐厅? (2 x 1 mharc)

Ithe
comhrá

**(g)** Cuir tic (✓) sna boscaí chun an freagra ceart a léiriú. (3 x 1 mharc)

| | **Seomra A** | **Seomra B** | **Seomra C** |
|---|---|---|---|
| **(i)** Is é seomra Daid agus Mam | | ✓ (1 mharc) | |
| **(ii)** Is é seomra mo dhearthár níos óige | ✓ (1 mharc) | | |
| **(iii)** Is é mo sheomra-sa | | | ✓ (1 mharc) |

**Freagair Ceist 3 AGUS Ceist 4 (tá rogha taobh istigh de Cheist 4)**

## Ceist 3 - 21 marc

**(a)** Cár rugadh 李小龙 ? Freagra i **Mandairínis**.

美国 (1 mharc)

**(b)** Cén aois a bhí 李小龙 nuair a thosaigh sé ag foghlaim Kung Fu?

7/seacht (1 mharc)

**(c)** Cén t-ainm atá ar an múinteoir Kung Fu atá ag 李小龙? Freagra i **Mandairínis**.

叶问 (1 mharc)

**(d)** Déan liosta de **dhá** thionchar de chuid 李小龙 a luaitear sa sliocht. (2 x 2 mharc)

- Tá eolas ag go leor daoine faoi Kung Fu na Síne mar gheall ar Li Xiaolong.
- Is maith le go leor daoine scannán Kung Fu na Síne anois (mar gheall ar Li Xiaolong).
- Gach bliain, tagann a lán daoine go dtí an tSín chun Kung Fu a fhoghlaim.

(Freagair dhá cheann ar bith, 2 mharc an ceann)

**(e)** Cuir tic (✓) sna boscaí chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá na habairtí seo a leanas.
(4 x 2 mharc)

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is imreoirí cispheile iad beirt tuismitheoirí 姚明. | ✓ (2 mharc) | |
| **(ii)** | Níor thaitin sé le 姚明 staidéar a dhéanamh sa bhunscoil. | | ✓ (2 mharc) |
| **(iii)** | Chuaigh 姚明 go scoil chispheile i 1989. | ✓ (2 mharc) | |
| **(iv)** | Thosaigh 姚明 ag imirt cispheile san NBA in 2011. | | ✓ (2 mharc) |

**(f)** Cad is brí leis na habairtí seo a leanas? Freagair i n**Gaeilge**. (3 x 2 mharc)

**(i)** Tá beirt deirfiúracha níos sine, deartháir amháin níos sine agus deartháir amháin níos óige aige.
**(ii)** Toisc go bhfuil sé ard, tugann daoine an 'fathach beag' air.
**(iii)** Tosaíonn go leor Síneach ag féachaint ar chluichí NBA.

## Ceist 4 - 21 marc

**Freagair na codanna (a) go (e).**

**(a)** Cén t-ainm teaghlaigh atá ar chara Síneach Conor? Freagra i **Mandairínis**.

王 (1 mharc)

**(b)** Déan liosta de **dhá** ábhar ar bith atá á bhfoghlaim ag Conor. (2 x 1 mharc)

Gaeilge/Béarla/Mata/Sínis/Stair/Corpoideachas

**(c)** Luaitear ceithre shlí sa litir chun Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh. Déan liosta de **dhá** cheann ar bith díobh. (2 x 1 mharc)

Éadaí glasa a chaitheamh / dul i bparáid / ithe le chéile / súgradh le chéile

**(d)** Déan liosta de **dhá** áit a mbaineann Conor taitneamh as an ngrian iontu. Freagra i **Mandairínis**. (2 x 1 mharc)

海边
公园

**(e)** Ainmnigh cosúlacht **amháin** NÓ difríocht **amháin** idir Lá Fhéile Pádraig agus féile Shíneach a bhfuil eolas agat uirthi.

(Freagra réasúnta ar bith) (2 mharc)

**Freagair cuid (f) NÓ cuid (g).**

**(f)** Cuir tic (✓) sna boscaí chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá na habairtí seo a leanas, bunaithe ar an litir. (4 x 3 mharc)

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| **(a)** Síleann Conor go bhfuil an Mhandairínis éasca agus suimiúil le foghlaim. | | ✓ |
| **(b)** Is annamh a bhíonn báisteach in Éirinn i rith an tsamhraidh. | ✓ | |
| **(c)** Is minic a bhíonn sé grianmhar in Éirinn i mí Iúil agus i mí Lúnasa. | | ✓ |
| **(d)** Síleann Conor gurb é an t-earrach an séasúr is fearr le cuairt a thabhairt ar Éirinn. | | ✓ |

**(g)** Líon isteach na bearnaí. Tá na carachtair don chéad cholún le fáil sa litir thuas.

| Carachtar sa litir (Freagra i **Mandairínis**) | Brí an charachtair (Freagair i n**Gaeilge**.) | Fréamh an charachtair (Freagra i **Mandairínis**) | Brí na Fréimhe (Freagair i n**Gaeilge**.) |
|---|---|---|---|
| 语 | **teanga (1 mharc)** | 讠 **(1 mharc)** | **teanga/labhairt/caint (1 mharc)** |
| 很 **(1 mharc)** | thar a bheith | 彳 **(1 mharc)** | **céim/bóthar/siúl (1 mharc)** |
| 饭 **(1 mharc)** | **bia/béile (1 mharc)** | 饣 | **bia (1 mharc)** |
| 英 **(1 mharc)**<br>节 **(1 mharc)** | **Béarla/Sasana/an Ríocht Aontaithe (1 mharc)**<br>**féile (1 mharc)** | 艹 **(1 mharc)** | féar |

## SCRÍOBH NA TEANGA - 80 MARC

**TREORACHA MARCÁLA DO SCRÍOBH**

Aon bhotúin i gcarachtar, cuir ciorcal dearg thart air. Ná ciorclaigh ach an chéad chás den bhotún sin.
Úsáid línte corracha chun botúin ghramadaí a mharcáil.
Cuir líne faoi áiteanna ina bhfuil malartú carachtair déanta.

Bristear na marcanna do Cheist 5/6 síos mar seo a leanas:

- Cumarsáid = 20 marc
- Teanga = 20 marc

Ní mór don iarrthóir déileáil le trí thasc. Ba chóir creidiúint a thabhairt do gach tasc chomh luath is a thagtar air sa fhreagra trí 1, 2, 3 a chur ar imeall na láimhe clé.

Ríomhtar an marc a bhronntar faoin dá cheannteideal (cumarsáid agus teanga) i dtaca leis an ngreille mharcála thíos.

Is gnách nach rachaidh iarrthóir thar bhanda 2 mura ndéileálann sé nó sí ach le dhá cheann de na trí thasc agus banna a haon mura ndéileálann sé nó sí ach le ceann amháin de na trí thasc.

Cuireann na bandaí síos ar ghnáth-thréithe na hoibre sa bhanda sin. Ní gá go n-aistrítear an marc go dtí an chéad bhanda eile síos mar thoradh ar an bhfreagra nach bhfuil ceann de na critéir sin iontu, más rud é, mar shampla, go bhfuil an freagra ag teacht go compordach leis an gcaighdeán nó go bhfuil sé á shárú maidir leis na tréithe eile.

**GREILLE MHARCÁLA**

| **Ceisteanna 5 & 6** | **Cumarsáid (Freagra agus Comhleanúnachas an Taisc)** |
|---|---|
| 14 go 20 marc<br>**Leibhéal ard bainte amach** | 1. Tá an t-ábhar sothuigthe<br>2. Tá an rún agus an cuspóir curtha in iúl go soiléir<br>3. Leibhéal mhaith nó sármhaith bainte amach ó thaobh an taisc/na dtascanna de<br>4. Tá sonraí atá ábhartha den chuid is mó tugtha sa chomhthéacs |
| 8 go 13 mharc<br>**Leibhéal measartha bainte amach** | 1. Tá an t-ábhar beagán go réasúnta sothuigthe<br>2. Tá an rún agus an cuspóir sothuigthe<br>3. Leibhéal sásúil bainte amach ó thaobh an taisc/ na dtascanna de<br>4. Tá roinnt sonraí ábhartha curtha ar fáil |
| 0 go 7 marc<br>**Leibhéal íseal bainte amach** | 1. Tá an t-ábhar dothuigthe nó ar éigean go dtuigtear é<br>2. Is ar éigean is féidir an rún agus an cuspóir a thuiscint nó ní féidir iad a thuiscint ar chor ar bith<br>3. Leibhéal sásúil ar éigean bainte amach ó thaobh an taisc/na dtascanna de nó leibhéal neamhleor<br>4. Níl sonraí ábhartha ar bith nó níl ach beagán sonraí ábhartha curtha ar fáil |

| Ceist 5 & 6 | Teanga<br>(Freagra Léacsach, Cruinneas & Raon Gramadaí) |
|---|---|
| 14 go 20 marc<br><br>**Leibhéal ard bainte amach** | 1. Stór focal leordhóthanach nó maith chun an tasc/na tascanna a chríochnú<br>2. Struchtúir ghramadaí simplí ach ceart den chuid is mó<br>3. Ord na bhfocal ceart den chuid is mó<br>4. Roinnt botún nó gan aon bhotún le sonrú sna carachtair, ach ní chuireann sé isteach ar an mbrí rómhór<br>5. Is beag nó gan aon mhalartú carachtair le sonrú ó thaobh teangacha nó modhanna eile a úsáid (m.sh. pinyin, carachtair thraidisiúnta, teanga dhúchais, siombailí foghraíochta eile ...)<br>(suas le 3 mhalartú do C5, agus suas le 6 mhalartú do C6 ) |
| 8 go 13 mharc<br><br>**Leibhéal measartha bainte amach** | 1. Stór focal teoranta ach leordhóthanach chun an tasc/na tascanna a chríochnú<br>2. Úsáid theoranta as struchtúir ghramadaí athdhéanta agus botúin in amanna<br>3. Roinnt botún in ord na bhfocal, ach ní chuireann siad bac ar an mbrí<br>4. Is minic a dhéantar botúin maidir leis na carachtair nach gcuireann isteach ar an mbrí nó nach gcuireann isteach ar an mbrí ach beagáinín<br>5. Roinnt malartú carachtar le sonrú ó thaobh teangacha nó modhanna eile a úsáid (m.sh., pinyin, carachtair thraidisiúnta, teanga dhúchais, siombailí foghraíochta eile ...)<br>(suas le 5 mhalartú do C5, agus suas le 10 malartú do C6 ) |
| 0 go 7 marc<br><br>**Leibhéal íseal bainte amach** | 1. Stór focal neamhleor, nach leor é chun an tasc/na tascanna a chríochnú<br>2. Úsáid theoranta as struchtúir ghramadaí athdhéanta agus a lán botún<br>3. Roinnt botún nó a lán botún in ord na bhfocal, a chuireann bac ar an mbrí<br>4. Is minic a dhéantar botúin maidir leis na carachtair, a chuireann isteach go mór ar an mbrí<br>5. Malartú carachtar le sonrú go minic ó thaobh teangacha nó modhanna eile a úsáid (m.sh. pinyin, carachtair thraidisiúnta, teanga dhúchais, siombailí foghraíochta eile ...)<br>(níos mó ná 5 mhalartú do C5, agus níos mó ná 10 malartú do C6 ) |

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA - 100 MARC

Nuair ba cheart don fhreagra a bheith i mBéarla/sa Ghaeilge: bronn 50% de na marcanna as teanga eile seachas Béarla/Gaeilge a úsáid.
Nuair ba cheart don fhreagra a bheith as Sínis Mandairínis: tabhair 50% de na marcanna as teanga seachas Sínis Mandairínis a úsáid.

**Roinn A (19 marc)**

1. Cén aois í Lili?
   15/cúig déag (bliana d'aois) (2 mharc)

2. Líon isteach an t-eolas faoi Lili agus faoi bhaill a teaghlaigh. (4 x 2 mharc)
   **(a)** Is <u>múinteoir</u> é athair Lili. Is é <u>ceol</u> an caitheamh aimsire atá aige.
   **(b)** Oibríonn máthair Lili in <u>ospidéal.</u> Is é <u>péinteáil/líníoch</u>t an caitheamh aimsire atá aici.

3.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(a)** | Tá deartháir Lili, atá níos sine ná í, ag foghlaim staire. | ✓ (3 mharc) | |
| **(b)** | Déanann deartháir Lili, atá níos sine ná í, staidéar ar an ríomheolaíocht. | | ✓ (3 mharc) |
| **(c)** | Is maith le Lili a bheith ag bogshodar agus ag imirt cispheile. | ✓ (3 mharc) | |

**Roinn B: 16 mharc**

1. (a) Cén modh taistil atá á phlé?
   eitleán/eitilt (2 mharc)

   (b) Cá dteastaíonn ón mbean dul?
   Shang-hai (2 mharc)

2. (a) Cathain a imeoidh sí?
   Dáta: 18ú (2 mharc)
   Mí: Iúil/7 (2 mharc)

   (b) Cén t-ainm atá ar an mbean?
   Sloinne: Wang (2 mharc)
   A céad ainm: Ming (2 mharc)

3. Críochnaigh uimhir theileafóin na mná,
   1886345<u>6920</u>. (4 mharc)

**Roinn C: 12 mharc**

1. (a) Cén ghníomhaíocht atá Jason ag moladh a dhéanamh amárach?
féachaint ar scannán/dul chuig an bpictiúrlann (2 mharc)

(b) Cén ceangal atá idir Jason agus Lisa?
Athair agus iníon / is é Jason athair Lisa / is iníon le Jason í Lisa (2 mharc)

2. (a) Cad é an rud is mó a thaitníonn le Lisa?
Spórt/aclaíocht (2 mharc)

(b) Cén t-am a dtosóidh an ghníomhaíocht amárach?
7:00 pm / 7 pm / 19:00 pm (2 mharc)
(7:00 = 1 mharc)

3. (a) Cad a dhéanfaidh siad ag 6:00 pm amárach?
Dinnéar a ithe (sa bhaile)/ithfidh siad (2 mharc)

(b) Conas a thaistealóidh siad go dtí an áit?
Ar an mbus (2 mharc)

**Roinn D: 20 marc**

| Am Tosaithe | Áit | Gníomhaíocht |
|---|---|---|
| 9:30 am | **An t-óstán/bialann** (2 mharc) | **Bricfeasta a ithe** (2 mharc) |
| **10:00 am** (2 mharc) | Zú Bhaile Átha Cliath | Cuairt ar an Zú |
| **1:00 pm/13:00** (2 mharc) | **Siopa caife / Caifé** (2 mharc) | Lón a ithe |
| **2:00 pm/14:00** (2 mharc) | An Ceoláras Náisiúnta | **Féachaint ar an damhsa** (2 mharc) |
| 5:00 pm | **Ollmhargadh** (2 mharc) | **Dul ag siopadóireacht/rudaí a cheannach** (2 mharc) |
| **6:00 pm/18:00** (2 mharc) | An t-óstán | Dinnéar a ithe |

**Roinn E: 14 mharc**

1. (a) Cá bhfuil an comhrá seo ar siúl?
I mbialann/óstán (Shanghai) (2 mharc)

(b) Cad atá díolta amach?
rís (2 mharc)

(c) Molann an fear dhá earra. Cad iad?
Earra 1: Sicín (2 mharc)
Earra 2: Núdal (2 mharc)

2. Cad iad na deochanna a theastaíonn ón gcustaiméir?
Deoch 1: Uisce (1 mharc) Te nó fuar: te (1 mharc)
Deoch 2: Caife (1 mharc) Te nó fuar: fuar (1 mharc)

3. Cad é an costas iomlán?
37 (kuai/yuan) (2 mharc)

**Roinn F: 19 marc**

1. (a) Cad é an ceann scríbe?
Béising (2 mharc)

(b) Cá fhad eile a thógfaidh sé an ceann scríbe a bhaint amach?
2.5 uair an chloig (2 mharc)

(c) Cén modh taistil atá á úsáid acu?
Traein (2 mharc)

2. (a) Cén t-am anois é?
4:30 pm (2 mharc)

(b) Conas a bheidh an aimsir nuair a shroichfidh siad an áit?
An-fhuar (2 mharc)

3. (3 x 3 mharc)

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| (a) Ba mhaith le Zhang Qiu a scíth a dhéanamh anois. | | ✓ |
| (b) Ba mhaith le Li Ming taitneamh a bhaint as roinnt ceoil anois. | | ✓ |
| (c) Meabhróidh Li Ming do Zhang Qiu ullmhú chun tuirlingt ag 18:30. | ✓ | |

# Aguisín 1
## Scripteanna Fuaime

**Roinn A**

我叫丽丽。我今年 15 岁。我家有四口人。
爸爸妈妈哥哥和我。

我爸爸是老师，他的爱好是唱歌。
我妈妈在医院工作，她是护士。她喜欢画画。

我哥哥是大学生，他学习历史。他的爱好是电脑游戏。
我是中学生，我喜欢跑步，也喜欢打篮球。

**Roinn B**

女：你好，我想买一个飞机票。
男：好的，请问您去哪里？
女：我去上海。

男：您几号出发？
女：7 月 18 号。
男：请问您贵姓？
女：我姓王，我叫王明。

男：您的手机号码是多少？
女：我的手机号码是 18863456920.
男：好的，您的票好了。
女：谢谢！

**Roinn C**

Jason：Lisa, 明天有一个电影。你想去看吗？
Lisa：什么电影啊，爸爸？
Jason：一个运动员的电影。你想看吗？

Lisa：我想看。我最喜欢运动了。电影是几点？
Jason：晚上 7 点。

Lisa：我们怎么去电影院？
Jason：我们 6 点在家吃饭。6 点半去坐公共汽车。
Lisa：好的。

**Roinn D**

大家好！现在是早上九点。九点半到十点，我们在饭店吃早饭。十点，我们去动物园，叫Zú Bhaile Átha Cliath。我们在那里，玩两个半小时。

下午一点，我们去一个咖啡店。我们在那里吃午饭。下午两点，我们去看跳舞。在这里，An Ceoláras Náisiúnta。

五点我们一起去超市，买一买东西。六点我们回饭店，吃晚饭。

**Roinn E**

男：您好！这里是上海饭店。请问，您想吃什么？
女：你好！我想要一个鸡肉和米饭。
男：对不起，我们没有米饭了。鸡肉和面条可以吗？
女：可以。

男：谢谢。您想喝什么吗？我们有水茶咖啡和可乐。
女：我想要一杯水，再要一个咖啡。
男：好的。水和咖啡，

您想要热的，还是冷的？
女：我要热水，和冷的咖啡。请问，一共多少钱？
男：好的。一共是三十七块钱。
女：谢谢！

**Roinn F**

张秋：李明，我们现在到哪儿了？
李明：我看看，两个半小时到北京。张秋，我们七点下火车。

张秋：好的。北京的天气怎么样？
李明：现在是下午四点半，天气不冷也不热。但是晚上很冷。
张秋：那我再穿一件衣服吧。

李明：好的，你想再休息一下吗？
张秋：不了，我休息好了。我听一听音乐。

李明：好。那我看书。我六点半叫你。我们准备一下，再下火车。
张秋：好的，你看书吧。